Insliú

Coincheap—Féadann insliú fuinneamh a chaomhnú

Fainic: gá le maoirseacht

NASC LEIS AN gCURACLAM:

Curaclam Tíreolaíochta agus Eolaíochta – Feasachta Cúram Imhsaoil

Turgnamh—Fainic: Uisce Te!

Beidh gá agat le:

- Teirmiméadar (scála go 100ºC)
- Dhá thaephota bheaga
- Dhá phúic tae
- Flaigín beag
- Citeal (nó sconna uisce te)

1. Líon an citeal agus téigh dóthain uisce is a líonfadh dhá thaephota agus flaigín (ar mhaithe le sábháilteacht ná húsáid uisce beirithe).
2. Tóg teocht an uisce. Cuir an méid céanna uisce i ngach taephota agus san fholúsfhlaigín.
3. Cuir púic tae ar cheann de na taephotaí agus dún an folúsfhlaigín.
4. Tar éis cúig nóiméad tóg teocht an uisce i ngach árthach agus déan taifead de.
5. Lean ort ag glacadh na teochta gach 5 nóiméad go ceann ar a laghad 20 nóiméad.

Tá an flaigín inslithe go maith - tá sé déanta chun aistriú na teochta a chosc. Chuir an phúic tae brat breise teasdíonta ar fáil cosúil le seaicéad clúdaigh ar shorcóir uisce te. Ba cheart go mbeadh ballaí, díonta agus fuinneoga ár dtithe teasdíonta freisin chun cosc a chur leis an teas éalú. Mura mbeadh insliú againn bheadh a lán fuinnimh á chur amú againn. In aeráidí teo, déantar tithe a insliú ó theas na gréine.